

Teastas Eorpach na Gaeilge  
Bonnleibhéal 2 (A2)  
Syllabus and guidelines for candidates

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil  
Ollscoil Mhá Nuad**



**Bonnleibhéal 2 (A2)  
Syllabus and guidelines for  
candidates**



An Roinn Forbartha Tuaithe  
agus Pobail agus Gaeltachta  
Department of Rural and Community  
Development and the Gaeltacht



Table of Contents	Page
1. Purpose .....	5
2. General information .....	5
2.1 Speaking and listening .....	5
2.2 Reading .....	6
2.3 Writing .....	6
2.4 Language specifications .....	7
Topaic 1: Ócáidí sóisialta/ Topic 1: Social occasions.....	8
Topaic 2: An teaghlach/ Topic 2: The family.....	11
Topaic 3: Caitheamh aimsire/ Topic 3: Pastimes.....	14
Topaic 4: Taisteal laethúil/ Topic 4: Daily travel.....	17
Topaic 5: Cúrsaí oibre/ Topic 5: Work .....	20
Topaic 6: Ag labhairt faoin deireadh seachtaine/ Topic 6: Talking about the weekend .	24
Topaic 7: Bia agus deoch/ Topic 7: Food and drink .....	27
Topaic 8: Sláinte agus tinneas / Topic 8: Health and illness .....	31
Topaic 9: Ag déanamh cur síos ar dhaoine/ Topic 9: Describing people.....	34
Topaic 10: Éadaí agus siopadóireacht/ Topic 10: Clothes and shopping.....	37
Topaic 11: Ag pleanáil laethanta saoire/ Topic 11: Planning holidays .....	40
Topaic 12: Treoracha, suíomh agus gluaiseacht/ Topic 12: Directions, location and movement.....	44
Topaic 13: Garanna agus cead/ Topic 13: Favours and permission .....	47
Topaic 14: Ag déanamh socruithe/ Topic 14: Making arrangements .....	50
3. Guidelines for Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2).....	53
3.1 General information .....	53
3.2 The listening comprehension examination .....	54
3.3 The reading comprehension examination .....	55
3.4 The writing examination .....	56
3.5 The oral examination .....	57

## **1. Purpose**

*Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)* is a general proficiency examination of Irish. It is aimed primarily at adult learners of Irish. It is suitable for people in Ireland or abroad who are studying Irish at night classes or who are attending similar courses and who would like a qualification to attest to their ability in Irish.

The examination tests knowledge not only as described in the syllabus for this level but also that included in the syllabus for *Bonnleibhéal 1*. Many candidates who undertake this examination have already passed the examination at *Bonnleibhéal 1 (A1)*. The specifications which form the basis for *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)* are broadly based on the descriptors for level A2 of the *Common European Framework of Reference for Languages (2001)*. It is estimated that candidates who have achieved *Bonnleibhéal 1 (A1)* will be able to undertake this examination after an additional 160-200 hours of study. It should be noted that the examination itself is not, however, tied to any particular course of study.

In this document you will find information regarding:

*Syllabus for Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*  
*Guidelines for Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*

## **2. General information**

The specifications in this syllabus outline the minimum language level required to enable candidates to function within a defined subject range. The focus is on various language functions pertaining to particular topics and subject-matters. Examples are given of expressions which could be adopted by the candidates when using these functions. In addition, lists of useful vocabulary and phrases are provided. The lists of vocabulary and expressions in this document are not exhaustive and candidates are advised of the need to also focus on topics and vocabulary that relate directly to their own interests and circumstances.

Below is a brief description of what candidates at this level can do in the various skills.

### **2.1 Speaking and listening**

At this level, candidates will be able to describe, in simple terms, their background, their work, their daily activities, their likes and dislikes. They will have sufficient vocabulary to be able to participate in simple, short conversations on such familiar topics with sufficient ease, although they will be hesitant at times.

They will understand simple sentences and common phrases pertaining to ordinary life, provided that the language is clear, is delivered at a reasonable pace and isn't overly dialectal. They will continue to rely greatly on others to help them in their efforts to communicate. Candidates will be able to ask basic questions and be able to

maintain communication through asking for repetition, or reformulation, clarification etc. and will be able to use everyday appropriate forms of greetings, farewell etc.

Candidates' pronunciation will generally be clear enough to be understood despite noticeable mother tongue interference and interlocutors may have to ask for clarification now and again.

Candidates may use their own dialectal preference although, at this level, it is not expected that they should be consistent in their use of a particular dialect.

Candidates will use simple structures correctly but still systematically make basic mistakes – mixing up tenses, for example. However, what the candidate is trying to say is usually clear from the context.

## **2.2 Reading**

Candidates will be able to handle short, simple texts on familiar matters of a concrete nature which consist of high frequency everyday language. See the specifications below. They will be able to get the gist of a text (e-mail or letter, for example) or understand some details and specific information in a short text as long as it is in simple language and the subject matter pertains to an area in which they have some knowledge or interest. Candidates will not be able to handle abstract subject matter or material which doesn't contain commonly used vocabulary. They will have to use their limited resources in terms of vocabulary and structure to ascertain the meaning of a text and to understand details of simple texts.

## **2.3 Writing**

The candidate will be able to write short, basic, descriptive sentences and phrases (in an e-mail message, for example) on subjects directly relating to his/her own life and personal experiences. They will be expected to use appropriate vocabulary and the sentences and phrases they produce will be constructed with simple conjunctions such as 'agus', 'ach' and 'mar'.

Candidates are expected to be able to correctly use the simple structures as outlined in the specifications below but it is expected that they will make basic mistakes which may sometimes cause the reader some comprehension difficulties.

Candidates are advised to pay particular attention to the correct use of the basic grammatical structures and the correct spelling of common words. There is a noted lack of awareness among learners of Irish at every level of ability in relation to grammatical accuracy and consistency in the application of grammar rules. Therefore, grammatical accuracy and spelling have been emphasized in the marking schemes for the writing component at all levels including the bonnleibhéal.

#### **2.4 Language specifications**

Comprehensive details of the topics, functions, vocabulary and grammatical structures etc. on which this examination is based are available below.

**Topaic 1: Ócáidí sóisialta/ Topic 1: Social occasions**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
1.1	<p>Ag tagairt don aimsir ag tús comhrá. <i>Referring to the weather at the start of a conversation.</i></p>	<p>Tá lá breá ann. Tá cinnte. Tá sé go deas. Tá drochlá ann. Tá. Tá sé fliuch. Tá sé fuar.</p>
1.2	<p>Ag gabháil leithscéil as ucht a bheith mall. Ag cur in iúl do dhuine gur cuma é/í a bheith mall. <i>Apologizing for being late. Explaining that it doesn't matter if someone is late.</i></p>	<p>Tá brón orm go bhfuil mé déanach. Bhí an trácht an-trom. Ná bí buartha. Tá tú ceart go leor.</p>
1.3	<p>Ag fiafraí de dhuine ar bhuail sé/sí le duine eile cheana agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they have met someone previously and replying to the same question.</i></p>	<p>Ar bhuail tú le Síle (cheana)? Níor bhuail. Cén chaoi a bhfuil tú, a Shíle? Bhuail. Bhuaileamar le chéile ag bainis Áine.</p>
1.4	<p>Ag fiafraí de dhuine an duine áirithe é/í agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking if someone is a particular person and replying to the same question.</i></p>	<p>An tusa cara Chlár? Is mé. Bhíomar ar scoil le chéile. An deartháir le Liam é sin? Ní hea.</p>
1.5	<p>Ag fiafraí de dhuine an bhfuil sé/sí ag baint sult as ócáid shóisialta agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if he/she is enjoying a social occasion and replying to the same question.</i></p>	<p>An bhfuil tú ag baint taitneamh as an chóisir? Tá. Tá sí go hiontach.</p>
1.6	<p>Ag cur tuairim in iúl, féachaint an aontaíonn duine leat.</p>	<p>Tá an cheolchoirm go maith, nach bhfuil? Tá. Tá sí ar fheabhas.</p>

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
	<i>Expressing an opinion to discover if others agree.</i>	
1.7	Ag ól sláinte duine. <i>Drinking someone's health.</i>	Sláinte!
1.8	Ag guí breithlá sona, srl. ar dhuine agus ag freagairt a leithéid de ghuí. <i>Wishing someone a happy birthday etc. and responding to a similar wish.</i>	Lá breithe sona duit. Nollaig shona duit. Athbhliain faoi mhaise duit. Go mba é duit.
1.9	Ag rá go gcaithfidh tú imeacht agus ag rá cén fáth. Ag cur in iúl go bhfuil aiféala ort go bhfuil duine ag imeacht. <i>Saying that you have to go and explaining why. Saying that you are sorry that someone has to go.</i>	Caithfidh mé imeacht. Tá orm éirí go luath. Caithfidh mé an bus deireanach a fháil. Is mór an trua sin.
1.10	Ag fágáil slán ag duine. <i>Taking leave of someone.</i>	Ádh mór. Slán abhaile.

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
An chopail is <i>The copula is</i>	An tusa ...?
Ainmfhocal + aidiacht <i>Noun + adjective</i>	lá breá
Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite <i>Questions and responses in the past tense</i>	Ar bhuaill tú ...? Bhuail/níor bhuaill

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
Ócáidí sóisialta <i>Social occasions</i>	bainis cóisir (lá breithe) ceolchoirm
Ginearálta <i>General</i>	buail le Nollaig athbhliain

**Beidh an t-iarrthóir ábalta...The candidate will be able to...**

**Labhairt/speaking**

Caint bhunúsach a dhéanamh agus é/í i láthair ag ócáid shóisialta.

*Make basic conversation while at a social event.*

**Éisteacht/listening**

Ceistanna simplí agus beannachtaí a chloistear de ghnáth ag ócáidí sóisialta a thuiscint.

*Understand simple questions and greetings commonly used at social occasions.*

**Léamh/reading**

Cuid den stór focal a bhaineann le hócáidí sóisialta, cóisirí agus an Nollaig a thuiscint, mar shampla 'Nollaig shona' scríofa ar chárta.

*Understand some of the vocabulary associated with social occasions, parties and Christmas, for example 'Merry Christmas' written on a card.*

**Scríobh/writing**

Teachtaireachtaí simplí a scríobh, ar chárta Nollag nó ar chárta lá breithe, cuir i gcás.

*Write simple messages, for example on a Christmas or birthday card.*

**Topaic 2: An teaghlach/ Topic 2: The family**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
2.1	<p>Ag fiafraí de dhuine cá fhad atá sé/sí pósta nó geallta le duine, scartha ó dhuine agus ag freagairt na gceisteanna sin. <i>Asking someone how long they have been married or engaged to someone. Answering the same question.</i></p>	<p>Cá fhad atá tú pósta? Cá fhad atá sibh scartha? Tá mé pósta le deich mbliana. Táimid pósta le fiche bliain. Táimid scartha anois le dhá bhliain. Táimid geallta le bliain anois.</p>
2.2	<p>Ag fiafraí de dhuine cá fhad a bhí sé/sí pósta nó ag siúl amach le duine agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone how long they were married or going out with someone. Answering the same question.</i></p>	<p>Cá fhad a bhí tú pósta? Bhí mé pósta ar feadh ocht mbliana. Cá fhad a bhí sibh ag siúl amach le chéile? Bhíomar ag siúl amach le chéile ar feadh trí bliana.</p>
2.3	<p>Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoin líon mac agus iníonacha atá ag duine agus a c(h)éile. <i>Seeking and giving information about the number of sons/daughters a couple have.</i></p>	<p>Cá mhéad páiste atá agaibh? Tá mac amháin agus triúr iníonacha againn. Beirt iníonacha agus mac amháin.</p>
2.4	<p>Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aois páistí. <i>Seeking and giving information about children's age.</i></p>	<p>Cén aois atá do mhac/Cén aois atá sé? Cén aois atá d'iníon/Cén aois atá sí? Cén aois atá siad? Tá an duine is óige trí bliana. Tá an duine is sine deich mbliana.</p>
2.5	<p>Ag rá cá mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat. <i>Stating how many brothers and sisters you have.</i></p>	<p>Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúracha agam. Níl deartháir ná deirfiúr ar bith agam. Is páiste aonair mé.</p>
2.6	<p>Ag fiafraí cá bhfuil baill den teaghlach ina gcónaí agus ag freagairt na ceiste sin.</p>	<p>Cá bhfuil sé ina chónaí? Cá bhfuil sí ina cónaí? Cá bhfuil siad ina gcónaí? Tá siad ina gcónaí i mBaile Átha Cliath anois.</p>

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
2.7	<p><i>Asking where family members live and answering the same question.</i></p> <p>Ag cur baill éagsúla den teaghlach in aithne. <i>Introducing family members.</i></p>	<p>Tá Brídín ina cónaí i gCorcaigh. Tá Stiofán ina chónaí i Londain le cúig bliana anois.</p> <p>Seo é mo dheartháir Niall. Seo í mo dheirfiúr Siobhán. Seo iad mo chuid deartháireacha. Seo iad mo chuid deirfiúracha.</p>

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<p><i>Le v ar feadh</i> <i>The preposition le v ar feadh</i></p> <p>Uimhreacha pearsanta + ainmfhocal <i>Personal numerals + noun</i></p> <p>Bliain amháin – fiche bliain <i>One year – twenty years</i></p> <p>An aidiacht shealbhach (<i>mo agus do</i>) <i>The possessive adjective ('mine' and 'yours')</i></p> <p>Cónaí <i>Place of residence</i></p>	<p>Táimid pósta le dhá bhliain. Bhíomar pósta ar feadh sé bliana.</p> <p>triúr iníonacha</p> <p>ocht mbliana trí bliana déag</p> <p>mo dheirfiúr do mhac</p> <p>Tá sé ina chónaí i Meiriceá. Tá sí ina cónaí i nGaillimh. Tá siad ina gcónaí i Nua-Eabhrac.</p>

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<p>Stádas pósta <i>Marital status</i></p> <p>Daoine <i>People</i></p>	<p>geallta</p> <p>deartháireacha deirfiúracha mic iníonacha uncail aintín nia neacht seanathair/athair mór seanmháthair/máthair mhór col ceathrair (nó col ceathrar)</p>

	col ceathracha
<b>Beidh an t-iarrthóir ábalta...<i>The candidate will be able to...</i></b>	
<b>Labhairt/speaking</b> Labhairt faoina stádas pósta anois agus san am a chuaigh thart, eolas a thabhairt faoina c(h)lann, agus baill éagsúla den teaghlach a chur in aithne. <i>To talk about their marital status now and in the past, to give information about their children/family and introduce family members.</i>	
<b>Éisteacht/listening</b> Cuid den stór focal is bunúsaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint i gcomhrá agus ceisteanna maidir lena t(h)eaghlach féin a thuiscint. <i>In conversation, to recognize some of the most basic words associated with the family and understand questions about their own families.</i>	
<b>Léamh/reading</b> Focail a bhaineann le stádas pósta a thuiscint ar fhoirmeacha agus na focail a bhaineann leis an teaghlach a thuiscint i gcuntais scríofa. <i>To understand words relating to marital status on forms and understand words relating to family in written texts.</i>	
<b>Scríobh/writing</b> Cuntas gearr a scríobh faoina stádas pósta anois agus roimhe seo, faoina p(h)áistí agus a c(h)uid deartháireacha is deirfiúracha. <i>To write a short account about their current and past marital status, their children and siblings.</i>	

**Topaic 3: Caitheamh aimsire/ Topic 3: Pastimes**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
3.1	<p>Ag caint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat. <i>Talking about the things you do when you have free time.</i></p>	<p>Is maith liom galf a imirt. Is maith liom dul ag snámh. Is maith liom dul chuig scannáin. Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís. Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol.</p>
3.2	<p>Ag fiafraí de dhuine an maith leis caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they enjoy a particular pastime and answering the same question.</i></p>	<p>An maith leat(sa) a bheith ag snámh? An maith leat(sa) leadóg a imirt? Is maith/ní maith.</p>
3.3	<p>Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire. <i>Expressing opinions about pastimes.</i></p>	<p>Sílim go bhfuil an leadóg ceart go leor mar chaitheamh aimsire. Ní maith liom ar chor ar bith/in aon chor í. Sílim go bhfuil sé an-leadránach. Sílim go bhfuil sé an-suimiúil.</p>
3.4	<p>Ag fiafraí de dhuine an bhfuil suim aige/aici i rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they are interested in something and answering the same question.</i></p>	<p>An bhfuil suim agat sa stair/sa cheol? Tá suim mhór agam ann/inti. Níl mórán suime agam ann. Níl suim ar bith agam ann.</p>
3.5	<p>Ag rá cá huair a dhéanann tú rudaí éagsúla. <i>Saying what time you take part in various pastimes.</i></p>	<p>Téim chuig ceolchoirm go minic oíche Shathairn. Imrím cispheil de ghnáth tráthnóna Dé Sathairn. Bíonn traenáil agam de ghnáth oíche Mháirt.</p>
3.6	<p>Ag rá go bhfuil tú i do bhall de chlub nó de chumann. <i>Saying that you are a member of a club or society.</i></p>	<p>Tá mé i mo bhall de chumann siúl sléibhe. Tá mé i mo bhall de chlub leadóige.</p>

3.7	<p>Ag fiafraí de dhuine cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin.</p> <p><i>Asking someone how often they take part in certain pastimes and answering the same question.</i></p>	<p>Cé chomh minic is a imríonn tú cluiche peile?</p> <p>Cé chomh minic is a théann tú chuig scannán?</p> <p>Uair sa tseachtain/sa mhí.</p> <p>Gach coicís nó mar sin.</p> <p>Anois is arís.</p> <p>Nuair a bhíonn an t-am agam.</p>
-----	--	---

	<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
	Ord focal <i>Word order</i>	Is maith liom spórt a imirt.
	An chopail <i>The copula</i>	Is breá liom féachaint ar an teilifís.
	An aidiacht shealbhach <i>The possessive adjective</i>	i mo bhall
	Dobhriathra ama <i>Adverbs of time</i>	go minic anois is arís
	<i>Oíche + séimhiú</i> <i>Oíche + lenition</i>	oíche Dhomhnaigh oíche Mháirt

	<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
	Caitheamh aimsire (go háirithe caitheamh aimsire an fhoghlaimora) <i>Pastimes (particularly the candidate's own pastimes)</i>	litríocht stair iascaireacht peil Ghaelach/an pheil Ghaelach léitheoireacht seinm ceoil ceoltóir uirlis fidil/fidléir damhsa taisteal seisiúin cheoil
	Pointí ama <i>Points of time</i>	maidin tráthnóna oíche

**Beidh an t-iarrthóir ábalta... *The candidate will be able to...***

***Labhairt/speaking***

Tuairimí éagsúla a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rudaí éagsúla.

*To express various opinions about pastimes and say how often they take part in them.*

***Éisteacht/listening***

Ceisteanna simplí a bhaineann le caitheamh aimsire a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire.

*To understand simple questions relating to pastimes. To understand words and phrases in conversations relating to pastimes.*

***Léamh/reading***

Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa a bhaineann le caitheamh aimsire.

*To recognize the names of various pastimes and to understand the main points in written accounts relating to pastimes.*

***Scríobh/writing***

Cur síos simplí a scríobh faoina c(h)aitheamh aimsire, a rá cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rudaí éagsúla.

*To write a simple account about pastimes, stating how often they take part in them.*

**Topaic 4: Taisteal laethúil/ Topic 4: Daily travel**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
4.1	Ag fiafraí do dhuine an ndéanann sé/sí mórán taistil agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they travel a lot and answering the same question.</i>	An ndéanann tú mórán taistil? Déanaim/ní dhéanaim. Ní dhéanaim mórán taistil. Ní maith liom an baile a fhágáil. Is breá liom a bheith ag taisteal.
4.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi thaisteal chuig an ionad oibre. <i>Seeking and giving information about travelling to work.</i>	Conas a théann tú go dtí an obair gach lá? Tógaim an bus. Tá stad an bhus an-chóngarach do mo theach. Tógaim an traein. Tá sí an-áisiúil. Tiomáinim isteach sa chathair de ghnáth. Téim ar an rothar. An mbíonn an carr leat?
4.3	Ag plé cúrsaí ama. <i>Giving details about time.</i>	Cén t-am a fhágann tú an teach? Idir a hocht agus ceathrú tar éis a hocht. Timpeall a seacht, de ghnáth.
4.4	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi fhad an turais. <i>Seeking and giving information about the length of journeys.</i>	Cá fhad a thógann an turas? Braitheann sé ar an trácht. Idir uair agus uair go leith, de ghnáth. Tógann sé suas le leathuair an chloig. Ní thógann sé ach fiche nóiméad.
4.5	Ag cur tuairimí in iúl faoi thaisteal. <i>Expressing opinions about travel.</i>	Is fuath liom an turas. Is cuma liom faoin turas. Tá sé an-dainséarach a bheith ag rothaíocht anseo.
4.6	Ag rá céard a dhéanann tú le ham a mheilt le linn turais. <i>Saying how you pass time during the journey.</i>	Léim leabhar/léim an páipéar. Éistim leis an raidió. Déanaim obair ar mo ríomhaire glúine.
4.7	Ag plé costais taistil. <i>Discussing the cost of travel.</i>	Cá mhéad a chosnaíonn sé? Cá mhéad atá ar thicéad singil/fillte?

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
4.8	Ag plé cúrsaí tiomána. <i>Talking about driving.</i>	Tá sé an-daor. Cosnaíonn ticéad fillte €60.  An bhfuil tiomáint agat? Níl. Táim ró-neirbhíseach le bheith ag tiomáint. Tá. Táim ag tiomáint le cúpla bliain anois. Tá. Tá ceadúnas tiomána agam le dhá bhliain anois.

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach <i>Questions and answers in the present tense</i>  Réamhfhocail + an t-alt <i>Prepositions + the definite article</i>  An réimír <i>an-</i> <i>The prefix an-</i>	An ndéanann tú mórán taistil?  ar an bhus/ar an mbus sa charr ar an traein ar an rothar ar an bhád/ar an mbád  an-daor an-neirbhíseach

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
Modhanna taistil <i>Modes of travel</i>  Tuairimí <i>Opinions</i>  Ginearálta <i>General</i>	bus traein traein faoi thalamh carr rothar gluaisrothar bád  áisiúil dainséarach leadránach  turas trácht brú tráchta mótarbhealach

**Beidh an t-iarrthóir ábalta... *The candidate will be able to...***

***Labhairt/speaking***

Cur síos a dhéanamh ar an taisteal a dhéanann sé/sí go laethúil agus tuairimí a chur in iúl mar gheall air.

*Give an account of their daily travel and express opinions relating to it.*

***Éisteacht/listening***

Ceistanna simplí agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint. Understand simple questions and basic descriptions relating to the subjects listed above.

***Léamh/reading***

Ainmneacha na modhanna éagsúla taistil a aithint mar aon le tagairtí do thréimhsí ama.

*Recognize the names of various modes of transport as well as references to periods of time.*

***Scríobh/writing***

Cur síos gearr a scríobh ar an taisteal a dhéanann sé/sí gach lá.

*Write a short account of their daily travel.*

**Topaic 5: Cúrsaí oibre/ Topic 5: Work**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
5.1	<p>Ag fiafraí de dhuine cén obair a dhéanann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone what work they do and answering the same question.</i></p>	<p>Cén tslí bheatha atá agat? Rúnaí atá ionam. Is bainisteoir mé. Is fear gnó mé.</p>
5.2	<p>Ag rá cén cineál gnó atá agat. <i>Saying what kind of business you run.</i></p>	<p>Tá siopa ceoil agam. Tá teach lóistín agam. Tá mo chomhlacht féin agam.</p>
5.3	<p>Ag labhairt faoi do stádas oibre. <i>Talking about your work status.</i></p>	<p>Níl mé ag obair faoi láthair. Tá mé éirithe as/ar pinsean le bliain anois. Chaill mé mo phost cúpla mí ó shin. Tá mé ag lorg poist.</p>
5.4	<p>Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi phost. <i>Seeking and giving information about a job.</i></p>	<p>An dtaitníonn an post leat? Tá sé deacair go leor. Tá an saoiسته cairdiúil go leor. Ní thaitníonn. Tá strus ag baint leis. Ní thaitníonn. Tá sé an-leadránach. Tá mo chomhoibrithe go deas.</p>
5.5	<p>Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi uaireanta oibre. <i>Seeking and giving information about working hours.</i></p>	<p>Cén t-am a thosaíonn tú ar maidin? Cén t-am a chríochnaíonn tú tráthnóna? Ar a naoi a chlog. Timpeall/thart faoina sé nó mar sin.</p>
5.6	<p>Ag tabhairt eolais faoi dhálaí oibre. <i>Giving information about working conditions.</i></p>	<p>Tá an pá/tuarastal go maith. Fuair mé ardú céime an bhliain seo caite. Bíonn cúig seachtaine laethanta saoire agam gach bliain.</p>
5.7	<p>Ag lorg agus tabhairt eolais faoin tréimhse atá caite ag duine i bpost. <i>Seeking and giving information about the length of time someone has spent in a job.</i></p>	<p>Cá fhad atá tú ag obair ansin? Le trí bliana. Seacht mbliana nó mar sin.</p>

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
5.8	<p>Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi scileanna. <i>Seeking and giving information about skills.</i></p>	<p>An bhfuil tiomáint agat? Tá/níl. An féidir leat ríomhaire a úsáid? Is féidir/ní féidir. An bhfuil Fraincis agat? Tá. Is féidir liom go leor a thuiscint.</p>

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<p>An t-infinideach gan chuspóir <i>Infinitive without object</i></p>	<p>Is féidir liom tiomáint.</p>
<p>An t-infinideach le cuspóir <i>Infinitive with object</i></p>	<p>Is féidir liom an Fhraincis a thuiscint.</p>

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
------------------------------	-------------------------

Poist <i>Jobs</i>	oibrí monarchan bainisteoir dlíodóir cuntasóir aisteoir fiaclóir ealaíontóir iriseoir garda/póilín fear an phoist/bean an phoist fear gnó bean ghnó
Áiteanna oibre <i>Workplaces</i>	bunscoil meánscoil ollscoil bialann garáiste teach lóistín leabharlann banc siopa bróg/ceoil ... comhlacht
Dálaí oibre <i>Working conditions</i>	laethanta saoire pinsean ardú céime

**Beidh an t-iarrthóir ábalta... *The candidate will be able to...***

***Labhairt/speaking***

Cur síos a thabhairt ar an chineál poist atá aige/aici, na dálaí oibre, tuairimí simplí a nochtadh i dtaobh an phoist, a rá cad iad na scileanna atá aige/aici.

*Give an account on the kind of job they have, as well as their working conditions. To express simple opinions and say what skills they have.*

***Éisteacht/listening***

Ceisteanna simplí agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

*Understand simple questions and basic accounts relating to the subjects listed above.*

***Léamh/reading***

Ainmneacha fhormhór na bpost is coitianta a aithint agus éirím phíosa scríofa faoi na hábhair thuas a thuiscint.

*Understand the names of most of the commonest jobs and get the gist of written texts relating to the subjects listed above.*

***Scríobh/writing***

Cur síos a scríobh faoin obair a dhéanann sé/sí: an cineál poist atá aige/aici, na dálaí oibre mar aon le tuairimí simplí a nochtadh i dtaobh an phoist agus na scileanna atá aige/aici.

*Write an account of the work they do: the kind of job they have and the working conditions. Express simple opinions about the job and the skills they have.*

**Topaic 6: Ag labhairt faoin deireadh seachtaine/ Topic 6: Talking about the weekend**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
6.1	<p>Ag cur ceist ar dhuine faoin méid a bhí ar siúl aige/aici ag an deireadh seachtaine. <i>Asking someone about what they do at the weekend.</i></p>	<p>Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine? An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?</p>
6.2	<p>Ag rá go ndeachaigh tú áit éigin. <i>Stating that you went somewhere.</i></p>	<p>Chuaigh mé go Corcaigh. Chuaigh mé chuig scannán le mo chara, Bríd. D'imir mé cluiche gailf le cúpla cara liom. Ní dhearna mé faic/dada.</p>
6.3	<p>Ag fiafraí de dhaoine cén uair a chuaigh siad áit éigin agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people when they went and answering the same question.</i></p>	<p>Cén uair/lá a chuaigh tú go Gaillimh? Maidin Dé hAoine. Oíche Shathairn.</p>
6.4	<p>Ag trácht ar na rudaí a rinne tú. <i>Talking about the things you did.</i></p>	<p>Chas mé le cairde sa teach tábhairne. Bhreathnaigh mé ar DVD. Chuaigh mé chuig ceolchoirm. D'imir mé galf le mo dheartháir. Cheannaigh mé cúpla bronntanas. Chonaic mé scannán maith. Chuaigh mé ag siopadóireacht.</p>
6.5	<p>Ag fiafraí de dhaoine ar bhain siad sult as rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they enjoyed doing something and answering the same question.</i></p>	<p>Ar bhain tú sult as an deireadh seachtaine? Ar bhain tú sult as an cheolchoirm? Ar thaitin an dráma leat?</p> <p>Bhain. Bhain mé an-sult as. Níor bhain. Ní raibh sé rómhaith.</p>
6.6	<p>Ag cur tuairimí in iúl.</p>	<p>Bhí sé ar fheabhas/thar barr/thar cionn.</p>

	<i>Expressing opinions.</i>	Bhí am iontach /ar dóigh agam. Bhí sé róchostasach. Bhí aimsir bhreá ann. Bhí an aimsir go dona.
--	-----------------------------	---

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<i>oíche</i> + laethanta na seachtaine <i>oíche</i> + <i>the days of the week</i>	oíche Mháirt oíche Shathairn
An aimsir chaite den bhriathar <i>The past tense of the verb</i>	d'imir chas (le) d'éist...
Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite (na briathra neamhrialta san áireamh) <i>Questions and answers in the past tense (including irregular verbs)</i>	An ndeachaigh... Chuaigh/ní dheachaigh An ndearna ... Rinne/ní dhearna. Ar bhain... Bhain/níor bhain.
<i>cúpla</i> + an uimhir uatha <i>cúpla</i> + <i>singular form of noun</i>	cúpla lá cúpla bronntanas
<i>go, go dtí, chuig</i> <i>The prepositions go, go dtí, chuig</i>	

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
Tréimhsí ama <i>Periods of time</i>	inné aréir Dé Luain seo caite maidin inné tráthnóna aréir

**Beidh an t-iarrthóir ábalta... *The candidate will be able to...***

***Labhairt/speaking***

Cur síos simplí a dhéanamh ar na rudaí a rinne sé/sí le linn an deireadh seachtaine.

Ceisteanna bunúsacha a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna.

*Give a simple account of the things they did over the weekend. Ask basic questions of others relating to the subject.*

***Éisteacht/listening***

Ceisteanna agus cur síos simplí a bhaineann leis an ábhar seo a thuiscint.

*Understand questions and simple descriptions that relate to the subject.*

***Léamh/reading***

Na príomhphointí a bhaineann le haon chur síos scríofa (dialann, mar shampla) ar an ábhar seo a thuiscint.

*Understand the main points in a written account (a diary, for example) relating to this subject.*

***Scríobh/writing***

Cur síos bunúsach a scríobh ar rudaí a rinne sé/sí i gcaitheamh an deireadh seachtaine.

*Write a basic account of the things they did over the weekend.*

**Topaic 7: Bia agus deoch/ Topic 7: Food and drink**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
7.1	<p>Ag tairiscint deoch do dhuine, ag glacadh le tairiscint nó ag diúltú do thairiscint. <i>Offering someone a drink. Accepting or refusing an offer.</i></p>	<p>Cad ba mhaith leat? Beidh caife dubh agam. An mbeidh deoch agat? Beidh gloine sú oráiste agam, le do thoil. Ar mhaith leat gloine fíona? B'fhearr liom gloine beorach, le do thoil.</p>
7.2	<p>Ag fiafraí de dhaoine an nglacann siad bainne agus siúcra agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they take milk and sugar and answering the same question.</i></p>	<p>An nglacann/dtógann tú bainne? Glacaim/Ní glacaim. An nglacann tú siúcra? Spúnóg amháin, le do thoil.</p>
7.3	<p>Ag lorg an bhíochláir. <i>Asking for the menu.</i></p>	<p>An bíochlár, le do thoil. An féidir liom/linn an bíochlár a fháil/a fheiceáil, le do thoil?</p>
7.4	<p>Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad réidh le hordú. <i>Asking someone if they ready to order.</i></p>	<p>An bhfuil tú/sibh réidh le hordú?</p>
7.5	<p>Ag ordú an chéad chúrsa. <i>Ordering a first course.</i></p>	<p>(Ba mhaith liom) na beacáin, le do thoil. Beidh an t-anraith agam(sa).</p>
7.6	<p>Ag fiafraí de dhaoine cad é ba mhaith leo don phríomhchúrsa agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone what they would like for the main course and answering the same question.</i></p>	<p>Cad é ba mhaith leat don phríomhchúrsa? Agus don phríomhchúrsa? Beidh an stéig agamsa, le do thoil. Ba mhaith liomsa an sícín, le do thoil.</p>
7.7	<p>Ag cur agus ag freagairt ceisteanna faoin bhia. <i>Asking and responding to questions about food.</i></p>	<p>An bhfuil prátaí leis sin? Tá/níl. Cad iad na glasraí atá agaibh? Beacáin agus cóilis.</p>

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
7.8	<p>Ag fiafraí de dhaoine ar mhaith leo milseog agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they would like dessert and answering the same question.</i></p>	<p>Ar mhaith leat/libh milseog? Ba mhaith. Beidh an sailéad torthaí agamsa, le do thoil.</p>
7.9	<p>Ag lorg an chláir fíona agus ag ordú fíona. <i>Asking for the wine list and ordering wine.</i></p>	<p>An clár fíona, le do thoil. Buidéal den Sauvignon Blanc, le do thoil. Dhá ghloine fíon bán le do thoil.</p>
7.9	<p>Ag fiafraí de dhaoine cad é mar a bhí an béile/ar thaitin an béile leo. <i>Asking someone how the meal was/if they enjoyed the meal.</i></p>	<p>Cad é mar a bhí an béile? Ar thaitin an béile leat?</p>
7.10	<p>Ag cur tuairimí in iúl faoi bhéile. <i>Expressing opinions about the meal.</i></p>	<p>Bhí sé an-bhlasta. Bhí sé beagáinín róspíosrach. Bhí na glasraí róbhruite.</p>

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<p>An t-alt agus ainmfhocail <i>The definite article with nouns.</i></p> <p>Ceisteanna agus freagraí <i>Questions and answers</i></p>	<p>an sicín an t-uibheagán an mhilseog</p> <p>Ar mhaith...? Ba mhaith/níor mhaith. An nglacann tú...? Glacaim/ní glacaim. An mbeidh...? Beidh/ní bheidh.</p>

<b>Stór focal/vocabulary</b>	<b>Samplaí/examples</b>
<p>Deochanna <i>Drinks</i></p>	<p>tae le bainne/gan bainne tae láidir/lag pota tae sú oráiste fíon dearg fíon bán pionta bainne leathpionta beorach</p> <p>leac oighir spúnóg</p>
<p>Bia <i>Food</i></p>	<p>anraith (glasraí) bradán (deataithe) beacáin sicín (rósta) stéig uibheagán sailéad sceallóga piseanna meacain dhearga/bhána oinniúin uachtar (reoite) cáca cáise pióg úll sailéad torthaí</p>
<p>Aidiachtaí <i>Adjectives</i></p>	<p>fuar te spíosrach milis blasta</p>

**Beidh an t-iarrthóir ábalta... *The candidate will be able to...***

***Labhairt/speaking***

Na príomhchineálacha bia agus dí a ainmiú, deoch a thairiscint do dhuine eile, béile iomlán a ordú i mbialann, ceisteanna a chur faoin bhia agus tuairimí simplí a nochtadh faoi bhéile.

*To name the most common types of food and drink, offer someone a drink, order a complete meal in a restaurant, ask questions about the food and express simple opinions about the meal.*

***Éisteacht/listening***

Ceisteanna agus cur síos bunúsach a bhaineann leis na hábhair thuas a thuiscint.

*Understand basic questions and descriptions of the subjects listed above.*

***Léamh/reading***

Formhór na bhfocal agus na nithe a bhíonn le fáil ar bhiachlár simplí a thuiscint.

*Understand most of the words and the available options on a simple menu.*

***Scríobh/writing***

Liosta siopadóireachta bunúsach a scríobh.

*Write a basic shopping list.*

**Topaic 8: Sláinte agus tinneas / Topic 8: Health and illness**

	<b>Feidhmeanna/functions</b>	<b>Samplaí/examples</b>
8.1	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aclaíocht. <i>Seeking and giving information about exercise.</i>	An bhfuil tú aclaí? Tá/níl. An duine aclaí tú? Is ea/ní hea.
8.2	Ag trácht ar an aclaíocht a dhéanann tú. <i>Naming the exercise you do.</i>	Téim ag siúl gach lá. Bím ag siúl sna sléibhte go minic. Imrím eitpheil go rialta.
8.3	Ag cur síos ar na rudaí a dhéanann tú ar mhaithe le do shláinte. <i>Describing things you do for your health.</i>	Ithim bia sláintiúil. Ithim go leor torthaí agus glasraí úra. Ní ólaim ná ní chaithim (tobac).
8.4	Ag fiafraí de dhuine cad é mar a bhraitheann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone how they are feeling and answering the same question.</i>	Cad é mar a bhraitheann tú? Tá mé go breá. Ní bhraithim rómhaith. Níl mé ach cuibheasach/go measartha.
8.5	Ag rá céard atá cearr leat. <i>Saying what is wrong with you.</i>	Tá mo dhroim nimhneach. Ghortaigh mé mo dhroim. Bhris mé mo lámh ag imirt peile. Tá teocht an-ard agam. Tá póit orm.
8.6	Ag fiafraí de dhuine an bhfuil biseach air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone if they're better and answering the same question.</i>	An bhfuil biseach ort go fóill? Tá. Tá mé ag teacht chugam féin. Tá biseach ag teacht orm.
8.7	Ag cur comhairle ar dhuine. <i>Giving advice to someone.</i>	Ba cheart duit dul chuig an dochtúir. Ba cheart duit sos a thógáil – tá tú ag obair ródhian. Ba cheart duit níos mó aclaíochta a dhéanamh. Caithfidh tú aire níos fearr a thabhairt duit féin.

		Tá tú ag ól an iomarca.
--	--	-------------------------

<b>Gramadach/grammar</b>	<b>Samplaí/examples</b>
An chopail – ceisteanna agus freagraí <i>The copula – questions and answers</i>	An duine aclaí tú? Is ea/ní hea.
